C/2026/4220

30.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12527 — BAIN CAPITAL / VOLKSWAGEN / EVERLLENCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4220)

1. An 20 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Volkswagen Aktiengesellschaft ('Volkswagen', an Ghearmáin), atá faoi rialú Porsche Automobil Holding SE (an Ghearmáin),

— Bain Capital Investors, LLC ('Bain Capital', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Everllence SE ('Everllence', an Ghearmáin), atá faoi rialú Volkswagen.

Gheobhaidh Volkswagen agus Bain Capital rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Everllence.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Volkswagen gníomhach ar fud an domhain maidir le gluaisteáin paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma, trucailí, busanna, cóistí, fonnadh do bhusanna agus d'innill díosail, gluaisrothair, páirteanna spártha agus gabhálais a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a dhíol,

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é Bain Capital a dhéanann infheistíochtaí i gcuideachtaí i roinnt tionscal, amhail teicneolaíocht faisnéise, cúram sláinte, miondíol, táirgí tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais, an earnáil tionsclaíochta agus an earnáil monaraíochta.

3. Is cuideachta innealtóireachta é Everllence atá gníomhach i réitigh tiomána, dícharbónaithe agus éifeachtúlachta le haghaidh an tionscail mhuirí, na hearnála fuinnimh agus feidhmeanna tionsclaíocha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an tt-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12527 — BAIN CAPITAL / VOLKSWAGEN / EVERLLENCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË